Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)

14422/26
OJ CONS 56
AG 165
PARLNAT

DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Gnóthaí Ginearálta)

13 Deireadh Fómhair 2026

Formáid 1+2+1 (+2 sa seomra éisteachta)

1. Glacadh an chláir oibre

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 14082/1/26 REV 1.

2. **Formheas na míreanna 'A'**
(a) Liosta neamhreachtach 14091/1/26 REV 1

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

(b) **Liosta reachtach** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 14092/26

Iascach

1. Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124 maidir le forálacha áirithe i ndáil le hiascaireacht i limistéar Chomhaontú an Choimisiúin Ghinearálta Iascaigh don Mheánmhuir (CGIM) ❶C 13040/26 PE-CONS 26/26
Glacadh an ghnímh reachtaigh
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 7.10.2026

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 43(2) CFAE).

2. **Rialachán maidir le trasuíonna comhpháirteacha ón Eagraíocht Réigiúnach Bainistithe Iascaigh (ERBI) (CICTA-SPRFMO-NAFO-IATTC-WCPFC-IOTC)** ❶C 13039/26 PE-CONS 28/26
Glacadh an ghnímh reachtaigh
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 7.10.2026

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 43(2) CFAE).

Plé reachtach
(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

3. Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2028-2034 SC 13922/26
Díospóireacht bheartais

Thionóil an Chomhairle díospóireacht bheartais ar bhonn bosca caibidlíochta athbhreithnithe.

4. **Aon ghnó eile**

a) Pacáistí simpliúcháin Omnibus: staid na himeartha ❶ C 13819/26
Faisnéis ón Uachtaránacht

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

Gníomhaíochtaí neamhreachtacha

5. Ullmhúchán don Chomhairle Eorpach an 15 agus an 16 Deireadh Fómhair 2026:

a) Conclúidí — 11450/26
Seisiún tuairimíochta

b) Dearbhú comhpháirteach maidir le tosaíochtaí reachtacha an Aontais le haghaidh 2026 agus maidir leis an Treochlár 'Aon Eoraip Amháin, Aon Mhargadh Amháin' — 14060/26 + COR 1
Staid na himeartha

6. Luachanna an Aontais san Ungáir/Airteagal 7(1) CAE, togra réasúnaithe — 12266/1/18 REV 1 + REV 1 COR 1
Staid na himeartha

7. Conclúidí maidir le rannpháirtíocht dhaonlathach chuimsitheach agus athléimneacht na sochaí agus an phobail — 13980/26 13667/26
Formheas

8. Aon ghnó eile

a) Cruinniú aireachta ardleibhéil Slavkov-3 le comhpháirtithe na mBalcán Thiar (Vín, an 29 Meán Fómhair 2026) — 14124/26
Faisnéis ón Ostair

---

❶ An chéad léamh

S Nós imeachta reachtach speisialta

C Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún